An Coimisiún Eorpach

# **Nicole Fontaine:** Polaiteoir agus oideachasóir (1942-2018)




*Ba í an dara hUachtarán mná ag Parlaimint na hEorpa í agus polaiteoir ab ea í a bhí cumhachtach i mbun díospóireachta. Sheas sí an fód ar son na hEorpa agus rinne sí maoirseacht ar ghlacadh an euro. Ba í Nicole Fontaine, a bhí ina hUachtarán ó 1999 go 2002, a thug faoi mhodhanna oibre Pharlaimint na hEorpa a athchóiriú le go bhféadfadh tuiscint níos fearr a bheith ag saoránaigh na hEorpa orthu.*

*I Meán Fómhair 1999, ag labhairt di ina céad óráid sa Chomhairle Eorpach in Tampere na Fionlainne, chuir sí i dtábhacht aird a thabhairt ar ghnáthbhuairteanna an phobail. Mhol sí go láidir gur cheart* "cur chuige uaillmhianach a ghlacadh, arb é is aidhm dó cairt um chearta bunúsacha a sholáthair don Aontas". *I mí na Nollag 2000 shínigh sí an Cairt um Chearta Bunúsacha thar ceann Pharlaimint na hEorpa.*

*Anuas ar a ról mar pholaiteoir, bhí Fontaine ina hoideachasóir chomh maith. Ba ollamh í ag ESCP Europe, an coláiste gnó is sine ar domhan, agus bhí an post mar chathaoir* Jean Monnet *aici ag Ollscoil Nice Sophia Antipolis.*

## Luathshaol

In Grainville-Ymauville na Normainne an 16 Eanáir 1942 a rugadh Nicole Fontaine. Dochtúir ab ea a hathair agus múinteoirí bunscoile ab ea a seantuismitheoirí. Chuaigh sí le dlí agus ceapadh ina habhcóide sinsir i roinn Hauts-de-Seine, ach má cheapadh, ba chás léi riamh an t-oideachas.

Bhí Fontaine ag cur fúithi sa Cheathrú Laidineach i bPáras in 1968, tráth a chuaigh na mic léinn agus na hoibrithe i mbun círéibeacha. Bhí sí díreach tar éis a tréimhse staidéir san *Institut d'Etudes Politiques de Paris* (Institiúid Pháras um Staidéar Polaitiúil) a chur di agus bhí sí ag súil lena céad pháiste. "*Breathnóir le linn na n-imeachtaí sin seachas duine a ghlac páirt iontu*" a thugadh sí uirthi féin agus bhí sí den tuairim ina dhiaidh sin gurb é toradh agóidíocht Bhealtaine 1968 dlús a chur leis na hathruithe a bhí i ndán do shochaí na Fraince ar aon nós.

Is ag an *Secrétariat général de l'Enseignement catholique* (Rúnaíocht an Oideachais Chaitlicigh) a chuir Fontaine tús lena gairm bheatha, áit ina raibh sí freagrach as an gcaidreamh idir earnáil an oideachais phríobháidigh agus na húdaráis phoiblí. Ina dhiaidh sin, d'imir sí tionchar mór ar na hathruithe reachtacha agus reachtúla a chuir múnla ar an gcreat dlí sa réimse sin. Ba chomhalta í den *Conseil Supérieur de l'Education Nationale* (Comhairle Náisiúnta Oideachais na Fraince) ó 1975 go dtí 1981 agus den *Conseil économique et social* (An Chomhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta) ó 1980 go dtí 1984. Bhain sí níos mó clú agus cáile amach le linn díospóireachtaí náisiúnta faoin oideachas príobháideach agus toghadh í ar Pharlaimint na hEorpa i mí an Mhaithimh 1984.

## A gairm sa pholaitíocht

Ón gcéad lá riamh ina gairm mar pharlaiminteoir, d'oibrigh Nicole Fontaine chun Eoraip ar son na saoránach a bhaint amach agus í ag díriú ar thionscnaimh maidir le hoideachas don aos óg agus cáilíochtaí acadúla a aithint go frithpháirteach. Ina theannta sin, d'oibrigh sí ar son chearta na mban agus comhionannais inscne.

Bhí sí ina Leas-Uachtarán faoi dhó, ó 1989 go dtí 1994 agus ó 1994 go dtí 1999. Réitigh sí comhaontuithe idir Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit maidir le reachtaíocht thábhachtach, dhá chlár don óige de chuid an Aontais san áireamh (Socrates agus an Óige ar son na hEorpa). Bhí clú agus cáil uirthi as a scileanna i mbun taidhleoireachta. In 1999, is mar seo a cuireadh síos uirthi san Economist: "*bean mhór aimsithe comhdhearcaidh, bean mhór tógála comhghuaillíochta, bean mhór déanta síochána... Is í atá ar a suaimhneas i gcathair ghríobháin an mhaorlathais san Eoraip, agus í ag stocaireacht léi le haghaidh tacaíochta traspháirtí, ag cur aoibh an gháire uirthi féin le daoine agus í á mealladh chun comhréiteach*".

Toghadh Nicole Fontaine ina hUachtarán Pharlaimint na hEorpa an 20 Iúil 1999. Ba í an chéad triail a thug sí fúithi Coimisiún nua faoi stiúir Romano Prodi a cheapadh nuair a theip ar Choimisiún Santer i mí an Mhárta 1999. Bhí caidreamh dearfach aici leis an gCoimisiún nua agus leis na Ballstáit araon i gComhairle na nAirí.

Agus í ag obair léi gan staonadh ar son an idirphlé agus na síochána, tharraing Fontaine clú ar leith uirthi féin tráth a thug sí le chéile Uachtarán Pharlaimint Iosrael agus Uachtarán Pharlaimint na Palaistíne in 2000. Ócáid stairiúil ab ea sin ar an ábhar gur chroith an bheirt sin lámh a chéile. I mí Aibreáin 2001, d'iarr sí ar an gCeannfort Ahmed Shah Massoud, Leas-Uachtarán na hAfganastáine, cuairt a thabhairt ar Strasbourg chun tuairisc a thabhairt i dtaobh dhálaí a thíre féin. Ba chás ar leith léi cruachás na mban san Afganastáin. An mhí ina dhiaidh sin d'iarr sí ar thriúr ban a d'éalaigh faoi rún as Cabúl a bhfianaise a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. D'áirigh sí an cruinniú "ar na hócáidí is mó a chuir tocht orm' le linn a hUachtaránachta.

In 2002, d'éirigh Fontaine as Parlaimint na hEorpa chun a bheith ina hAire Tionscail sa Fhrainc i rialtas Jean-Pierre Raffarin. Idir 2004 agus 2005, bhí sí i gceannas ar Fhondúireacht Scelles, a bhfuil sé mar chúram aici dúshaothrú gnéasach a chomhrac. Toghadh í an athuair ar Pharlaimint na hEorpa in 2004. Ina theannta sin, bhí Nicole Fontaine ina hollamh cleamhnaithe ag ESCP Europe, agus scríobh sí roinnt leabhar faoin obair a dhéanann Parlaimint na hEorpa.

Sna blianta deiridh dá saol, bhí sí fós i lár an aonaigh le linn díospóireachtaí maidir le feabhas a chur ar an Aontas Eorpach. Díreach sular tharla an reifreann sa Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh 2016 maidir lena ballraíocht san Aontas Eorpach, rinne sí leabhar a fhoilsiú dar teideal *Brexit, Une Chance? Repenser l'Europe* (Brexit: Dá mba dheis é? Samhail nua d'Eoraip) leis an iriseoir Francach François Poulet-Mathis. Léargas oibiachtúil ar na cúiseanna le míshástacht an phobail leis an Aontas Eorpach atá sa leabhar. Duine ab ea Nicole Fontaine a sheas an fód i gcónaí ar son na hEorpa, agus a d'fhéach le deis a bhaint as an míshástacht sin le go bhfreastalófaí níos fearr ar riachtanais na saoránach agus chun an tAontas Eorpach a neartú.

D'éag Nicole Fontaine an 17 Bealtaine 2018 ag aois a 76. Léiriú ar an aitheantais a tugadh di as a dúthracht i leith idéal Eorpach iad na gradaim a bronnadh uirthi lena linn, mar atá an Bonn Robert Schuman agus *Commandeur dans l'Ordre National du Mérite* (Ceannfort san Ord Náisiúnta Fiúntais).



*Nicole Fontaine agus í ag cur fáilte roimh Ahmad Shah Massoud, polaiteoir Afganastánach agus ceannaire míleata de chuid Chomhaontas an Tuaiscirt, le linn dó cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg in 2001.*